Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2009*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 3 Meitheamh 2009
Tráthnóna, 2.00 p.m. go 4.00 p.m.

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: [ ]

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO:

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3 agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| ***Don Fheitheoir amháin*** | ***Don Scrúdaitheoir amháin*** | |
|---|---|---|
| Stampa an Ionaid | 1. Iomlán na n-iomlán deireadh leathanaigh. | |
| | 2. Suim iomlán na gceisteanna dícheadaithe. | |
| | 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | |
| | 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| | 5. Marc iomlán a bronnadh, má tá bónas don Ghaeilge san áireamh (3 + 4). | |
| | 6. Creidiúint. | |
| | **Nóta :** Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán** sa scríbhinn. | |

## *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- □ An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- □ An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar deis duit freagraí a thabhairt ar na Ceisteanna 1 go 5.
- □ An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar deis duit freagraí a thabhairt ar na Ceisteanna 6 go 9.
- □ An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ba chóir duit freagra a thabhairt ansin ar Cheist 10, a léifear ar an taifeadadh.

| ***Is féidir an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**1.** (a) Cén aois a bhí ag Jason nuair a chaith sé cannabas ar dtús? (1 mharc)

______________________________

(b) Cén fáth ar chaith Jason cannabas ar dtús? Luaigh **dhá** chúis. (2 mharc)

1.______________________________

2.______________________________

**2.** (a) Conas a mhothaigh Jason ar dtús as bheith ag caitheamh cannabais? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Ar imigh a chuid trioblóidí nuair a chaith sé cannabas? D'imigh ☐ Níor imigh ☐ (2 mharc)

Mínigh: ______________________________

______________________________

**3.** (a) De réir Jason, cén drochthionchar a bhí ag úsáid an channabais air ar scoil? (2 mharc)

1.______________________________

2.______________________________

(b) Liostaigh **dhá** rud a ndearna múinteoirí gearán fúthu. (2 mharc)

1.______________________________

2.______________________________

**4.** (a) Cad ba chúis le teannas agus le hargóintí sa bhaile? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Cén rud a chreideann Jason a shábháil é? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**5.** Liostaigh **dhá** sheirbhís a chuireann Seirbhís Drugaí an Phobail ar fáil. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat den dara huair, beidh deis agat na ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**6.** (a) Cén teideal atá ar an bpost atá ag Sandra Ní Choisdealbha? (1 mharc)

___

(b) De réir Shandra, cén miotas a bhaineann le cannabas? (1 mharc)

___

(c) Cad a deir Sandra Ní Choisdealbha faoi thriail a bhaint as substaintí? (2 mharc)

___

___

**7.** (a) De réir an taighde, conas a tharlaíonn go bhfuil sé níos díobhálaí cannabas a chaitheamh ná tobac a chaitheamh? (2 mharc)

___

___

(b) Cén cineál galair is féidir le húsáid fhadtréimhseach an channabais a thabhairt ar dhuine? (1 mharc)

___

(c) Cé hiad na daoine is mó atá i mbaol na galair seo a fháil? (1 mharc)

___

**8.** Tá an baol ann go mbeidh a lán fadhbanna ag daoine óga a chaitheann cannabas. Liostaigh **trí** cinn. (3 mharc)

1.___

2.___

3.___

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phíosa eolais atá sa tuarascáil ón mBord Taighde Sláinte. (3 mharc)

1.___

2.___

3.___

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat den tríú huair, freagair ceist 10, a léifear ar an taifeadadh. Ba chóir do chuid freagraí a bhunú ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. (4 mharc)

Is féidir an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

Freagair an cheist sa spás thíos, le do thoil.

1. 

2. 

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**.

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart i ngach ceist.


**1.** Beidh cluichí Oilimpeacha 2012 ar siúl

i bPáras ☐ i Nua-Eabhrac ☐ i Londain ☐

**2.** An té a chuireann an cháinaisnéis i láthair gach bliain ar son an rialtais ná

An tAire Airgeadais ☐ An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ☐ An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ☐

**3.** Is féidir le tiarna talún na hearraí ag tionónta a ghabháil mar shlí chun íocaíocht a fháil ar chíos.




Fíor ☐ Bréagach ☐

**4.** Is féidir le daoine laghdú ar an mbaol a bhaineann le hIonfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha (IGT) (STIs *i mBéarla*) a fháil

má thógann siad frithbheathaigh ☐

má bhíonn folcthaí teo acu ☐

má úsáideann siad coiscíní ☐

**5.** Seasann an lógó seo

don Chomhar Creidmheasa ☐ do Goal ☐ do na Náisiúin Aontaithe ☐

**6.** Vótáil toghthóirí na hÉireann ar son chun glacadh le Conradh Liospóin in 2007.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Agus léarscáil á léamh, is é atá in *eochair eolais* ná

liosta d'eochracha a chuireann síos ar ghnéithe ar an talamh ☐

eolaí chun an fad idir áiteanna ar an léarscáil a oibriú amach ☐


finscéal faoin gceantar ☐

**8.** An téarma príosúin is mó is féidir a ghearradh ar dhuine sa Chúirt Dúiche as coir amháin ná

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna
ÉIRE


6 mhí ☐ 12 mhí ☐ 18 mí ☐

**9.** Tá an léaráid seo ina shampla de chairt áirithe. Cén cineál cairte?




Barrachairt ☐ Píchairt ☐ Líne-chairt ☐

**10.** Cé acu modh díobh seo a leanas is fearr chun sonraí ar shaincheist áirithe a bhailiú ó ghrúpa mór?



Agallamh ☐



Inneall Cuardaigh Ríomhaire ☐



Suirbhé ☐

**11.** Sa bhaincéireacht seasann an téarma RCB (APR *i mBéarla*) do

Ráta Comhardaithe Bliantúil ☐ Ráta Céatadánach Bliantúil ☐ Ráta Caillroinnte Bille ☐

**12.** Seasann na litreacha ENR (NGO *i mBéarla*) do

Eagraíocht Neamh-Rialtasach ☐

Eagraí Na Rialtas ó thuaidh ☐

Eagraíocht Náisiúnta na Ré ☐

**13.** An fad caighdeánach a mhaireann toircheas ná



38 seachtain ☐ 40 seachtain ☐ 42 seachtain ☐

**14.** Is é an teorainn shábháilte do mhná a bhíonn ag ól alcóil ná 21 aonad sa tseachtain.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**15.** Ba í an chéad bhean a bhí ina huachtarán ar Éirinn ná



Mary McAleese ☐



Countess Markievicz ☐



Mary Robinson ☐

## *Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

**Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte** (15 mharc)

**1.**

### Litir chuig an Eagarthóir

A chara,

De réir na dtuairiscí is déanaí tá méadú beagnach 50% tagtha ar choireanna a bhaineann leis an ord poiblí i gceantair áirithe sa chathair. I ndáiríre is ábhar buartha é seo dúinn, go háirithe nuair a chaithimid glacadh leis go bhfuil an claonadh céanna le feiceáil ar fud na tíre. Níl aon amhras ann ach go bhfuil baint mhór ag an alcól leis na coireanna seo, go háirithe ag an deireadh seachtaine.

Leis an gcor chun donais sa gheilleagar faoi láthair, is é an eagla is mó atá orm ná go ngearrfaidh an rialtas siar ar an airgead atá ar fail chun dul i ngleic le géarchéim an alcóil atá forleathan inár sochaí.

Taispeánann an fhianaise as na tuarascálacha agus as na staidéir a rinneadh gur gnách go dtagann méadú ar na fadhbanna a bhaineann le halcól nuair a bíonn cor chun donais sa gheilleagar.

Toisc go bhfuil cuid mhór cánach le fáil as díolachán an alcóil, d'fhéadfadh cathú a bheith ar dhaoine neamhshuim a dhéanamh de na himpleachtaí contúirteacha agus de na fadhbanna a bhíonn acu sin a gcuireann mí-úsáid an alcóil isteach orthu.

Gach bliain, bíonn costas thart ar €3 bhilliún ar shochaí na hÉireann mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann le halcól. Bheadh sé dodhéanta an costas a bhaineann leis an dochar mothúchánach agus síceolaíoch a mheas! Is gá cláir a thabhairt isteach sa chóras oideachais, sna scoileanna, chun stíleanna sláintiúla saoil a mhúineadh, chun daoine a ghríosú go leanúnach gan mórán a ól, nó gan alcól a ól in aon chor, agus chun féinmhuinín agus féin-mheas a chothú.

Sa phobal i gcoitinne is gá srian a choimeád ar an gcaoi a mbíonn teacht ag daoine ar an alcól, agus pionós a ghearradh orthu sin a bhriseann an dlí.

Peatsaí Ó Murchú
Ceantar na Cathrach
An Ché Nua.

An méadú nó laghdú a thagann ar ól an alcóil i rith tréimhsí ina mbíonn cor chun donais sa gheilleagar?

Méadú ☐ Laghdú ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha)

Cad is cúis leis sin dar leat? (2 mharc)

________________________________________

________________________________________

**2.** (a) Seachas coireanna a bhaineann leis an ord poiblí, déan cur síos ar **dhá** shlí ina bhfuil fadhbanna a bhaineann le halcól mar chostas trom ar shochaí na hÉireann. (2 mharc)

1. ________________________________________

________________________________________

2. ________________________________________

________________________________________

(b) Liostaigh **dhá** ghníomh atá á ndéanamh ag an rialtas chun díolachán an alcóil a rialú agus/nó chun ólachán freagrach a chur chun cinn. (2 mharc)


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**3.**




(a) De réir chairt seo an Innéacs Corpmhaise, cén meáchan is gá a bheith ag duine atá 5 throigh 5 orlach (1.65 méadar) ar airde, chun go measfaí é a bheith (2 mharc)

Murtallach ____________________ Murtallach go Cliniciúil ____________________

(b)

**An Murtall – Bagairt mhéadaitheach ar pháistí agus ar an ngeilleagar**

**Meastar go bhfuil páiste amháin as gach cúigear (20%) róthrom agus go bhfuil páiste as gach deichniúr (10%) murtallach! Is é is dóichí ná go mbeidh páistí murtallacha agus páistí atá róthrom ina ndaoine murtallacha agus iad fásta. Ach tá deis níos fearr acu meáchan sláintiúil a bheith iontu mar dhaoine fásta má aithnítear an fhadhb agus má chuirtear cóir leighis orthu agus iad óg. Tá an murtall méadaithe faoi thrí ó na 1980-idí agus cuireann sé ualach an-trom ar na seirbhísí sláinte. Is mó an baol go mbeidh fadhbanna troma sláinte níos déanaí sa saol ag páistí murtallacha agus páistí atá róthrom. Is féidir leis an murtall tréimhse saoil duine a ghiorrú de naoi mbliana! Deir an taighde linn gurb é an phríomhchúis atá ann le heipidéim an mhurtaill a bheith ag fás ná an comhcheangal idir easpa aclaíochta agus an iomad bianna ardchalra a bheith á n-ithe.**

*'Is mó an baol go mbeidh fadhbanna troma sláinte níos déanaí sa saol ag páistí murtallacha agus páistí atá róthrom.'* Déan cur síos ar **dhá** fhadhb throma sláinte a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí atá róthrom nó murtallacha nuair a bheidh siad fásta. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** athrú sa stíl mhaireachtála ba chóir do thuismitheoirí na bpáistí murtallacha a dhéanamh chun dea-shláinte fhisiceach a gcuid páistí a chinntiú. (2 mharc

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**5.**

> *'Ba é an rud ba thábhachtaí a d'fhoghlaim sí in imeacht na mblianta ná nach raibh slí ar bith ann chun a bheith ina máthair fhoirfe agus milliún slí ann chun a bheith ina máthair mhaith.'*
>
> **– Jill Churchill**

Is í an tuismitheoireacht an obair is dúshlánaí agus is mó a thugann luach saothair a d'fhéadfadh duine a dhéanamh. Mínigh conas is féidir le tuismitheoirí cabhrú le leas sóisialta, intleachtach agus mothúchánach a gcuid páistí a fhorbairt. (3 mharc)

Sóisialta: ______________________________

______________________________

Intleachtach: ______________________________

______________________________

Mothúchánach: ______________________________

______________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEIST AS NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 mharc)

**1.** ***Nuacht an Chontae agus an Bhaile Mhóir*** **- Nótaí an Pharóiste**

Tháinig caoga duine le chéile sa halla pobail áitiúil chun feachtas a eagrú le go dtógfaí clós súgartha sa phobal. Dúirt Máire Uí Mhathúna, máthair triúr páistí, go bhfuil eagla an domhain uirthi go ngortófar a cuid páistí sa pháirc mar níl ann ach ionad dumpála do bhuidéil, do channaí agus do bhunanna toitíní ag lucht na gcóisirí go déanach san oíche. Luaigh sí freisin go raibh dromchla an talaimh míchothrom agus contúirteach. "An t-aon rud atá uaim ná áit atá sábháilte agus spreagúil ar féidir le mo chuid páistí súgradh ann agus ba mhaith liom é a fheiceáil sula mbeidh mo pháistí ina ndéagóirí," a dúirt sí. Luaigh Bríd Bean Uí Chrualaoich, eagraí an chruinnithe, d'ainneoin gur tugadh deontais do na húdaráis áitiúla in 2004 go speisialta le clóis súgartha a chur ar fáil, níl faic curtha ar fáil sa cheantar. Luaigh sí nár chuir an rialtas ar fáil ach €2 mhilliún don tír ar fada agus go gcaitheann cumann gailf thart ar an méid sin gach bliain chun an clubtheach agus an cúrsa a chothabháil. Labhair an Comhairleoir de Bairéad faoin gcaoi a bhfuil scéim deontais na gclós súgartha fós ann agus gur féidir le grúpaí cur isteach ar dheontas agus togra a bheith in éineacht leis. Dúirt sé "mar phobal tá sé mar dhualgas orainn gníomhú chun a chinntiú go mbeidh timpeallacht shábháilte súgartha ar fáil dár bpáistí anois agus sa todhchaí."

(a) Cén fáth nach bhfuil an pháirc oiriúnach do pháistí a bheith ag súgradh inti? (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(b) An gceapann tú go bhfuil Bean Uí Chrualaoich sásta leis an rialtas? Mínigh do fhreagra. (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(c) Iarann scéim deontais an rialtais ar gach pobal togra a dhéanamh amach do chlós súgartha ina gceantar féin. Cén fáth ar smaoineamh maith é sin? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Liostaigh **dhá** ghníomh ba chóir don phobal seo a dhéanamh anois chun clós súgartha a lorg agus a fháil. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**3.** (a) Is beag saoráidí caitheamh aimsire atá ar fáil do dhéagóirí i mórán ceantar áitiúil.

Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha) (1 mharc)

Mínigh: ____________________________________________

____________________________________________

(b) Ainmnigh **dhá** shaoráid atá curtha ar fáil ag d'údarás áitiúil do dhéagóirí i do cheantar nó i do chontae. (2 mharc)

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________

**4.**







Is féidir le fuinneamh in-athnuaite, mar ghrianchumhacht nó cumhacht na gaoithe, cabhrú le déileáil le géarchéim an fhuinnimh. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí eile ina bhféadfadh baill de do phobal déileáil go dearfach le géarchéim an fhuinnimh. (2 mharc)

1. ____________________________________________

____________________________________________

2. ____________________________________________

____________________________________________

**5.**

discoverireland.com
*Eolaí oifigiúil d'oileán na hÉireann*

Is é seo suíomh gréasáin oifigiúil Thurasóireacht Éireann. Déanann sé margaíocht ar Éirinn mar áit le dul ar saoire inti.

Déan cur síos ar **thrí** áis i do dhúiche a ndéanfá a fhógairt ar discoverireland.com chun turasóirí a mhealladh le cuairt a thabhairt ar do cheantar. (3 mharc)

1. ____________________________________________

____________________________________________

2. ____________________________________________

____________________________________________

3. ____________________________________________

____________________________________________

| **Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha** | (15 mharc) |
|---|---|

**1.** (a) Cén cineál leithcheala a bhfuil béim curtha air sa chartún? (1 mharc)




______________________________

(b) Cuireann an tAcht Comhionannas Fostaíochta (1998) cosc ar an leithcheal ar ocht gcúis eile. Ainmnigh **dhá** cheann díobh. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**2.**

> ***"An t-aon rud atá riachtanach chun go mbuafaidh an t-olc ná nach ndéanfaidh fir mhaithe faic."*** **Edmund Burke**

Déan cur síos ar **dhá** rud a d'fhéadfadh '*fir mhaithe*' agus mná maithe a dhéanamh chun troid in aghaidh an leithcheala agus na héagóra. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**3.** Ainmnigh Saincheist Chomhaimseartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

______________________________

(a) Ainmnigh eagraíocht nó gníomhaireacht **amháin** a mbíonn tionchar dearfach aici ar an tsaincheist seo. (1 mharc)

______________________________

(b) Luaigh **dhá** fhíric (rud) atá foghlamtha agat faoin tsaincheist. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

(c) An raibh an tsaincheist seo (2 mharc)

Áitiúil ☐ Náisiúnta ☐ Idirnáisiúnta ☐ (Cuir tic ✓ le do rogha)

Mínigh: ______________________________________________

______________________________________________


(d) Cén gníomh a rinne tú chun tionchar dearfach a bheith agat ar an tsaincheist seo? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**4.**




**Airteagal 6**

1. Is ón bpobal, faoi Dhia, a thagas gach cumhacht riala, idir reachtaíocht is comhallacht is breithiúnas, agus is ag an bpobal atá sé de cheart rialtóirí an Stáit a cheapadh, agus is faoin bpobal faoi dheoidh atá gach ceist i dtaobh beartas an Náisiúin a shocrú de réir mar is gá chun leasa an phobail.

(a) De réir Alt 6, cá bhfaigheann rialtas na hÉireann a chuid cumhachtaí? (1mharc)

______________________________________________

(b) Comhlánaigh na habairtí seo a leanas agus bain úsáid as na téarmaí cearta as bosca na bhfocal. (2 mharc)




Chun an bunreacht a athrú caithfidh daoine vótáil i ______________________________

Sula mbíonn bille ina dhlí in Éirinn bíonn ar an ______________________ é a shíniú.

**Ceist C4: Ag dul i mbun Dualgais** (15 mharc)

**1.**

**An tAirgead a chomhardú...**
**Roinnt sár-rialacha...**

1. Coimeád do chuid admhálacha i gcónaí
2. Déan amach buiséad
3. Oscail do bhillí i gcónaí agus féach orthu
4. Agus iasacht á fáil agat, fiosraigh timpeall
5. Seachain cárta creidmheasa a fháil

Roghnaigh **dhá** cheann de na *sár-rialacha* thuas agus mínigh cén fáth a bhfuil gach ceann díobh tábhachtach. (2 mharc)

Riail: ______________________________

Tábhachtach, cén fáth? ______________________________

______________________________

Riail: ______________________________

Tábhachtach, cén fáth? ______________________________

______________________________

**2.**

I dtimpeallacht airgeadais an lae inniu níl sé réasúnta a rá feasta go gcuireann aon institiúid airgeadais amháin ar bith an raon is fearr seirbhísí ar fáil.

Roghnaigh ceann **amháin** de na hinstitiúidí airgeadais thíos. (Cuir tic ✓ le do rogha)

An Comhar Creidmheasa ☐ Oifig an Phoist ☐ An Banc ☐

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bheadh ann do dhuine óg cuntas a bheith aige / aici leis an institiúid seo. (4 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**3.** Scríobh ceann de na litreacha A, B nó C i ngach ceann de na boscaí a thugtar chun gach eagraíocht a mheaitseáil leis an míniú ar a cuid oibre. (3 mharc)

| | |
|---|---|
| **SCAB (MABS** *i mBéarla)* | |
| **Fócas Éireann (Focus Ireland)** | |
| **Tairseach** (Threshold) | |

**A** Oibríonn sé chun cearta na ndaoine nach bhfuil áit chónaithe acu, a chosaint.

**B** Oibríonn sé chun cearta na dtionóntaí ar thithíocht oiriúnach a chosaint.

**C** Tugann sé comhairle do dhaoine atá i bhfiacha.

**4.**

**AR CÍOS**
**Só-ár. le leaba amháin**
**Lárnach**
**T/L/G/T**
**Gach rud nua**
**Léas bliana**

**AR CÍOS**
**Mionárasán**
**An chéad ligean**
**In aice le gach áis**
**Seomra folctha comhroinnte**

**AR CÍOS**
**Seomra singil i dteach comhroinnte**
**T.L.O.T.**
**10 nóim. ón mbaile**

Déan staidéar ar na fógraí do chóiríocht atá thuas agus mínigh na téarmaí liostaithe. (4 mharc)

Só-ár., (lux. apt. *i mBéarla*) le leaba amháin: ______________________________

Léas bliana: ______________________________

In aice le gach áis: ______________________________

T.L.O.T. (O.F.C.H. *i mBéarla*): ______________________________

**5.** Cé acu ceann díobh sin thuas a mholfá do dhuine atá ag fágáil an bhaile den chéad uair? (Cuir tic ✓ le do rogha)

Só-ár, le leaba amháin ☐ Mionárasán ☐ Seomra singil i dteach comhroinnte ☐

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le do rogha. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | | Marc |
|---|---|---|
| **Roinn A** | | |
| **Roinn B** | | |
| **Roinn C** | C1 | |
| | C2 | |
| | C3 | |
| | C4 | |
| **IOMLÁN** | | |